Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10354/19**

**SOC 485**
**EMPL 374**
**SAN 304**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9686/19 |
| Ábhar: | Saol oibre atá ag athrú: smaointe maidir le cineálacha nua oibre agus na himpleachtaí do shábháilteacht agus sláinte oibrithe<br>- Conclúidí ón gComhairle (13 Meitheamh 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le "Saol oibre atá ag athrú: smaointe maidir le cineálacha nua oibre agus na himpleachtaí do shábháilteacht agus sláinte oibrithe", a ghlac Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici ar an 13 Meitheamh 2019.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Saol oibre atá ag athrú: smaointe maidir le cineálacha nua oibre agus na himpleachtaí do shábháilteacht agus sláinte oibrithe**

**Conclúidí ón gComhairle**

Á MHEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS

1. Tá saol an lae inniu á chlaochlú ag éifeachtaí comhcheangailte an dul chun cinn teicneolaíochta, athruithe déimeagrafacha agus aeráide, agus an domhandaithe. Leis an méadú atá ag teacht ar an digiteáil, an róbatú, úsáid na hintleachta saorga agus leis an bhforbairt ar an ngeilleagar ardáin dhigitigh, tá athruithe móra ag teacht ar an margadh saothair a mbeidh impleachtaí suntasacha acu d'eagrú na hoibre. Leis na hathruithe seo tiocfaidh deiseanna nua oibre agus d'fhéadfaí cur leis an gcuimsiú sóisialta, ach gabhann dúshláin leo freisin. D'fhéadfadh cineálacha nua oibre, e.g. de thoradh ar an digiteáil, agus eagrú na hoibre a bheith ina ndúshlán do shocruithe fostaíochta traidisiúnta, le tionchar ar obair chuibhiúil agus dálaí oibre córa agus sábháilteacht agus sláinte oibrithe.

2. Tá ceart ag gach oibrí, iadsan san earnáil phoiblí san áireamh, chun obair chuibhiúil agus coinníollacha cothroma oibre agus chun an ardleibhéil sábháilteachta agus cosanta sláinte san áit oibre ar gá a áirithiú gan beann ar mhéid an fhostóra, an cineál poist, an cineál caidrimh fostaíochta nó ar cén Ballstát ina bhfuil an fhostaíocht, agus ar an gcaoi sin cuirtear le cuspóir an Aontais Eorpaigh feabhas a bheith á chur i gcónaí ar dhálaí maireachtála agus oibre na n-oibrithe.

3. Le fógairt Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, tá gealltanas polaitiúil comhroinnte tugtha ag Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach, faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, cur i ngníomh agus cur chun feidhme níos fearr na gceart sóisialta a áirithiú, lena n-áirítear an ceart ag oibrithe chun "fostaíocht shlán is féidir a chur in oiriúint don oibrí" (Prionsabal 5), pá cothrom a fháil a fhágann gur féidir leo caighdeán maith maireachtála a bheith acu (Prionsabal 6), chun "cothromaíocht oibre is saoil"(Prionsabal 9) agus chun "timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte atá curtha in oiriúint i gceart don oibrí agus cosaint sonraí" (Prionsabal 10).

4. Is é atá, *inter alia*, in *acquis* dhlí saothair an Aontais Eorpaigh, sraith rialachán lena gcinntear, mar shampla, cearta aonair (am oibre, oibrithe óga, obair ama sheasta nó pháirtaimseartha, obair shealadach ghníomhaireachta) nó cearta comhchoiteanna (faisnéis agus comhairliúchán, Comhairlí Oibreacha Eorpacha, cosaint oibrithe i gcás dócmhainneachta, gnóthais nó comhiomarcaíochtaí a aistriú), lena leagtar síos íoscheanglais a fhágann na Ballstáit saor chun rialacha níos cosantaí a thabhairt isteach.

5. Leagtar amach leis an gcreat reachtach maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair na híoscheanglais i ndáil le sábháilteacht agus sláinte oibrithe ag an obair is infheidhme i ngach earnáil gníomhaíochta ar fud an Aontais Eorpaigh[1].

6. Tá cineálacha nua oibre ag éirí níos ilghnéithí de réir a chéile, rud a léirítear le socruithe nua conarthacha agus cineálacha fostaíochta neamhthipiciúla. Leis na socruithe nua sin d'fhéadfadh sochair a bheith ann dóibh siúd lena mbaineann agus don tsochaí i gcoitinne. D'fhéadfaí rochtain ar mhargadh an tsaothair a éascú leo do roinnt grúpaí, ina measc na daoine sin is faide ó amach go traidisiúnta ón margadh saothair, agus ar an gcaoi sin cur leis an gcuimsiú sóisialta. D'fhéadfadh solúbthacht níos mó a theacht leo agus deiseanna chun an chothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú. Ba cheart, áfach, aird ar leith a thabhairt ar an tionchar a bheidh ag na hathruithe sin ar eagrú na hoibre ar fholláine fhoriomlán na n-oibrithe, lena n-áirítear cáilíocht a gcuid oibre chomh maith lena sláinte choirp agus mheabhairshláinte. Níor cheart go laghdófaí leis na cineálacha nua oibre ar fhreagracht an fhostóra nó go mbainfí d'fhreagracht an fhostóra sábháilteacht agus sláinte cheirde oibrithe a áirithiú i ngach gné a bhaineann leis an obair sin**.**

[1] Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh agus treoracha aonair de réir bhrí Airteagal 16 (1) de Threoir 89/391/CEE agus treoracha gaolmhara eile.

7. D'fhéadfadh cineálacha nua oibre agus pátrúin nua oibre rioscaí nua a chruthú, amhail na teorainneacha idir an saol gairmiúil agus an saol pearsanta a dhoiléiriú, imeallú féideartha ón bpobal oibre agus dí-shóisialú, strus agus rioscaí maidir le hualach oibre cognaíche a ghabhann le bheith ag obair agus ag idirghníomhú le róbait, saoil ghairmiúla níos faide agus aosú gníomhach. Ba cheart na rioscaí sin a mheasúnú i gceart.

8. Tá iarrtha ag an gComhairle ar an gCoimisiún Eorpach sna conclúidí uaithi i mí an Mhárta 2015 maidir le "Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020: Ag oiriúnú do dhúshláin nua" leanúint den tsábháilteacht agus sláinte cheirde a chur chun cinn ach na bearta uile is gá a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a aithníodh, ag cur san áireamh go cuí athruithe sa mhargadh saothair[2].

9. Tá an méid seo a leanas iarrtha ag an gComhairle freisin ar na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus na comhpháirtithe sóisialta sna Conclúidí uaithi i mí na Nollag 2017 maidir le "Todhchaí na hOibre: an ríomhobair a éascú" teacht chun cinn cineálacha nua oibre a aithint, agus dálaí cuibhiúla oibre, cosaint shóisialta leordhóthanach, agus comhdheiseanna do chách á n-áirithiú acu ag an am céanna; na cineálacha nua oibre a chur san áireamh agus fostaíocht á forbairt agus á cur chun feidhme, lena n-áirítear sábháilteacht agus sláinte cheirde, oideachas agus oiliúint, beartais shóisialta[3], agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

10. Ina theannta sin, tá iarrtha ag an gComhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach sna Conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2018 maidir le "Todhchaí na hoibre: Cur chuige saolré" na cineálacha nua oibre a chur san áireamh i mbeartais fostaíochta agus slándála sóisialta, agus coimircí iomchuí a chur chun cinn le haghaidh catagóirí éagsúla oibrithe[4].

---

[2] Conclúidí ón gComhairle i mí an Mhárta 2015 maidir le Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020: Ag oiriúnú do dhúshláin nua (mír 17)

[3] Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí na hoibre: An ríomhobair a éascú (mír 19 agus 20)

[4] Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh maidir le Todhchaí na hoibre: cur chuige saolré (mír 35)

11. Is dócha go mbeidh tionchar ag an nuálaíocht agus athrú teicneolaíoch, forbairt eacnamaíoch agus cineálacha nua oibre ar shábháilteacht agus sláinte ag an obair, agus ar iomaíochas agus táirgiúlacht gnólachtaí chomh maith. Is gá an phráinn shóisialta agus eacnamaíoch seo a fhreagairt chun leibhéal ard sábháilteachta agus sláinte ag an obair agus dálaí cuibhiúla agus córa a áirithiú.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil feidhm ag an bprionsabal maidir le hobair chuibhiúil agus dálaí oibre córa a chumhdaítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta lena n-áirítear bearta sábháilteachta agus sláinte ceirde, i gcás gach oibrí, gan beann ar mhéid an fhiontair, ar chineál agus fad tréimhse an chaidrimh fostaíochta.

13. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil faoi Chreat-Treoir an Aontais 89/391/CEE fostóirí freagrach as sábháilteacht agus sláinte oibrithe a áirithiú i ngach gné a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar rioscaí do shábháilteacht agus sláinte ag an obair.

14. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé bealaí a aithint chun sábháilteacht agus sláinte oibrithe i mbun cineálacha nua oibre a áirithiú i gcás ina bhféadfadh na dálaí riachtanacha chun na hoibrithe a chosaint a bheith lasmuigh de rialú an fhostóra.

15. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá Moladh ón gComhairle 2003/134/CE maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe féinfhostaithe ag an obair, agus a chur chun feidhme i gcomhthéacs na gcineálacha nua oibre.

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht ón gCoimisiún *Safer and Healthier Work for All - Modernisation of the EU Occupational Safety and Health Legislation and Policy* [Obair níos Sábháilte agus níos Sláintiúla do Chách - Nuachóiriú Reachtaíocht agus Bheartas Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde an Aontais],[5] lena béim ar an gcomhar leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe sóisialta chun forálacha atá as dáta a bhaint nó a nuashonrú, chun rialacha maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde a chomhlíonadh agus iarrachtaí a athdhíriú ar chosaint níos fearr agus níos leithne, comhlíonadh agus forfheidhmiú ar an talamh a áirithiú.

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS gurb iad neamhoird mhatánchnámharlaigh agus rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair is mó is cúis le saoire bhreoiteachta, de réir Eurostat[6].

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais maidir le dálaí oibre agus sláinte agus sábháilteacht a áirithiú *inter alia* i gcás ina mbeidh oibrithe faoi réir caidrimh fostaíochta neamhthipiciúla agus cineálacha nua oibre.

19. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá na rioscaí agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann d'fholláine oibrithe a shainaithint agus a thuiscint i ndáil le cineálacha nua oibre, eagrú nua na hoibre agus gairmeacha nua. Ba cheart, i gcás inar gá, beartais agus bearta a bheith ag gabháil leis an méid sin ar an leibhéal Eorpach chun obair chuibhiúil agus dálaí oibre córa i dtimpeallacht shábháilte agus shláintiúil oibre a áirithiú, agus ba cheart gné na hinscne agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chur san áireamh. Ba cheart gníomhaíochtaí féideartha nua a iniúchadh, lena n-áirítear forbairt na folláine meabhrach mar chuid den eolas praiticiúil ábhartha agus na scileanna agus inniúlachtaí ar cheart iad a chur chun cinn ar feadh an tsaoil oibre[7].

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cheart freagairt leordhóthanach bheartais a dhearadh le tacaíocht ó fhianaise eolaíoch. Ba cheart comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a áireamh agus freagairt leordhóthanach bheartais á dearadh agus faireachán á dhéanamh uirthi.

---

[5] COM (2017) 12 final

[6] Suirbhé Eurostat *Persons reporting a work-related health problem - Persons reporting a work-related health problem by sex, age and type of problem* [Daoine a thuairiscíonn fadhb sláinte a bhaineann le hobair - Daoine a thuairiscíonn fadhb sláinte a bhaineann le hobair de réir inscne, aois agus chineál na faidhbe] An nuashonrú is déanaí: 21/03/2019(http://appsso.eurostat.ec.europa.eu/nui/show.do?dataset=hsw_pb5&lang=en)

[7] Conclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí na hoibre: cur chuige saolré (mír 27)

21. MEABHRAÍTEAR DI torthaí thuarascáil OECD/an Choimisiúin Eorpaigh *Policy Responses to New Forms of Work* [Freagairtí Beartais ar Chineálacha Nua Oibre] ina léirítear a thábhachtaí atá an phiarfhoghlaim i gcás tíortha ina bhfuil saincheisteanna den sórt sin, agus gur cheart tacú léi[8].

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, i ndlúthchomhar agus i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach:

22. LEANÚINT DE scrúdú a dhéanamh ar an tionchar ag cineálacha nua oibre ar shábháilteacht agus sláinte oibrithe, agus an tionchar sin a chur san áireamh ina mbeartais.

23. A AITHINT a thábhachtaí atá sé urraim a thabhairt do neamhspleáchas agus ról na bpáirtithe sóisialta agus múnlaí éagsúla margaidh saothair na mBallstát.

24. Tuilleadh sonraí A BHAILIÚ, trí uirlisí nua faireacháin a cheapadh i gcás inarb iomchuí, maidir leis an méid seo a leanas:

- Cineálacha nua oibre, i gcúinsí ar leith ina bhféadfadh an áit oibre a bheith lasmuigh de rialú an fhostóra;

- na bealaí ina gcomhlíonann fostóirí a n-oibleagáidí i gcomhthéacs cineálacha nua oibre chun obair chuibhiúil agus dálaí oibre córa a chur chun cinn agus sábháilteacht agus sláinte oibrithe i ngach uile ghné a bhaineann lena gcuid oibre a áirithiú;

- feidhmíocht an chreata dhlíthiúil sábháilteachta agus sláinte cheirde[9].

---

[8] *Policy Responses to New Forms of Work* [Freagairtí Beartais ar Chineálacha Nua Oibre]OECD 2019, bunaithe ar shuirbhé OECD agus an Choimisiúin Eorpaigh maidir le 44 Aireacht Saothair i dtíortha OECD, an Aontais, agus G-20.

[9] Faoi láthair is í an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a bhailíonn na sonraí sin leis an Suirbhé Eorpach ar Fhiontair maidir le Rioscaí Nua agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn (ESENER), an Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip, an modúl *ad hoc* maidir le timpistí ag an obair agus fadhbanna sláinte eile a bhaineann leis an obair den suirbhé ar fhórsa saothair an Aontais.

25. INIÚCHADH A DHÉANAMH, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na cleachtais náisiúnta, ar nósanna imeachta agus uirlisí a bheidh comhlántach do nósanna imeachta traidisiúnta cigireachta agus rialaithe maidir le rialacha sábháilteachta agus sláinte agus dlí an tsaothair a chomhlíonadh d'fhonn go háirithe faireachán a dhéanamh ar chineálacha nua oibre agus chun an comhar idir ghníomhaithe ábhartha a neartú i ndáil leis sin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

26. INIÚCHADH A DHÉANAMH ar an gcaoi ar féidir leas níos fearr a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le fostóirí, oibrithe, cigireachtaí saothair agus go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga, maidir leis na hathruithe ar eagrú na hoibre a bhainistiú chun leasa na n-oibrithe, mar shampla le huirlisí digiteacha chun riosca, faisnéis ar líne, dea-chleachtais agus ábhar oiliúna digiteach a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú chomh maith le húsáid na n-uirlisí digiteacha arna bhforbairt ag na Ballstáit agus na n-áiseanna Measúnaithe Riosca idirghníomhaigh ar Líne (OiRA) a fheabhsú agus a neartú.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

27. na dúshláin agus na rioscaí a bhaineann le cáilíocht poist agus sábháilteacht agus sláinte oibrithe, lena n-áirítear freagracht na bhfostóirí, a bhaineann le cineálacha nua oibre agus eagraithe oibre agus gairmeacha nua A SHAINAITHINT, i gcomhar le Eurofound agus EU-OSHA.

28. Conairí nua beartais féideartha A SHAINAITHINT le tacaíocht ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH).

29. LEANÚINT DE chosaint na hoibre cuibhiúla agus dálaí oibre córa do gach oibrí san Aontas a chur chun cinn trí chur chun feidhme éifeachtach chreat dhlí saothair an Aontais atá ann cheana féin lena n-áirítear i gcomhthéacs cineálacha nua oibre agus an tionchair a bheidh ag forbairtí teicneolaíochta ar eagrú na hoibre.

30. LEANÚINT DE bheartais sábháilteachta agus sláinte ceirde a nuachóiriú i gcomhréir le saol na hoibre atá ag athrú ar mhaithe le leibhéal reatha na sábháilteachta ceirde agus na cosanta sláinte a choimeád, agus i gcás inar féidir, iad a fheabhsú, go háirithe le tacaíocht agus obair ACSH.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

31. A dtaithí ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo A CHOMHROINNT trí dhíospóireacht leanúnach ar an leibhéal Eorpach, agus ar an gcaoi sin an dul in oiriúint do na rioscaí agus na deiseanna nua ceirde a éascú, rioscaí agus deiseanna atá ag dul i méad d'fhostóirí agus d'oibrithe araon leis na cineálacha nua oibre.

32. A ÁIRITHIÚ go dtabharfar an oiliúint iomchuí do chigirí saothair chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus an comhar idir chigireachtaí saothair sna Ballstáit a neartú d'fhonn dea-chleachtais agus taithí a mhalartú, lena n-áirítear trí chomhar gníomhach laistigh de chreat Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair.

33. MACHNAMH A DHÉANAMH ar a oiriúnaí is atá na sainmhínithe reatha ar an áit oibre, i bhfianaise na gcineálacha nua oibre, agus obair ACSH á cur san áireamh.

34. INIÚCHADH A DHÉANAMH an bhféadfaí cuir chuige oiriúnaithe a ghlacadh, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, chun a áirithiú go ndéanfar oibrithe a chosaint sna cineálacha nua oibre, gan freagracht an fhostóra a laghdú nó gan baint dá fhreagracht maidir le sábháilteacht agus sláinte oibrithe a áirithiú i ngach gné a bhaineann leis an obair sin.

IARRANN SÍ AR NA COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

35. LEANÚINT DE bheith rannpháirteach sna hiarrachtaí ar cháilíocht poist agus obair chuibhiúil agus dálaí oibre córa a áirithiú agus cosaintí sábháilteachta agus sláinte ceirde a chur in oiriúint d'athruithe i gcomhthéacs cineálacha nua oibre.

36. COMHOIBRIÚ go gníomhach, ina leith sin, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais sna fóraim ábhartha éagsúla.

37. A CHUR SAN ÁIREAMH an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ag an obair atá ann cheana i gcomhthéacs a gcinnidh caibidlíocht a dhéanamh faoi Chlár Oibre Comhpháirteach 2019-2020 i ndáil le creat-chomhaontú neamhspleách maidir le digiteáil.

**IARSCRÍBHINN I**

**Tagairtí**

1. **Idirinstitiúideach AE**

   – Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

2. **Reachtaíocht an Aontais:**

   – Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh ("Creat-Treoir" sábháilteachta agus sláinte cheirde)

   – Moladh 2003/134 ón gComhairle an18 Feabhra 2003 maidir le cosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe féinfhostaithe ag an obair a fheabhsú.

3. **An Chomhairle:**

   – Conclúidí ón gComhairle i mí an Mhárta 2015 maidir le Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020: Ag oiriúnú do dhúshláin nua

   – Conclúidí ón gComhairle i mí Mheán Fómhair 2015 "Clár nua Oibre maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair chun dálaí oibre níos fearr a chothú"

   – Conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2017 maidir le todhchaí na hoibre: An ríomhobair a éascú

   – Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2018 maidir le todhchaí na hoibre: cur chuige saolré

4. **An Coimisiún Eorpach**

   – Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020: Ag oiriúnú do dhúshláin nua

   – Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún: *Safer and Healthier Work for All - Modernisation of the EU Occupational Safety and Health Legislation and Policy* (COM(2017) 12 final) [Obair níos Sábháilte agus níos Folláine do Chách - Nuachóiriú ar Reachtaíocht agus ar Bheartas an Aontais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde]

   – *Evaluation of the Practical Implementation of the EU Occupational Safety and Health (OSH) Directives in EU Member States* (Samhain 2015) [Meastóireacht ar Chur Chun Feidhme Praiticiúil Rialacháin an Aontais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde i mBallstáit an Aontais]

**5. Parlaimint na hEorpa**

– Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Samhain 2015 maidir le Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020 (2015/2107(INI))

**6. Tagairtí eile**

– *Opinion of the ACSH on the Modernisation of Six OSH Directives to Ensure Healthier and Safer Work for All (1718/2017) as regards the Workplace Directive (89/654/EEC)* [Tuairim ó ACSH maidir le nuachóiriú ar shé threoir maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde chun obair níos sláintiúla agus níos sábháilte a áirithiú (1718/2017) i ndáil leis an Treoir maidir leis an Áit Oibre (89/654/CEE)]

– Tuarascáil EU-OSHA ar *Foresight on new and emerging occupational safety and health risks associated with digitalisation by 2025* [Réamhamharc ar rioscaí nua agus éiritheacha sábháilteachta agus sláinte cheirde a bhaineann leis an digiteáil faoi 2025]

– EU-OSHA plépháipéar ar *A review on the Future of Work – Robotics* [Athbhreithniú ar Thodhchaí na hOibre - Róbataic]

– Tuarascáil OECD 2019 *Policy Responses to New Forms of Work* [Freagairtí Beartais ar Chineálacha Nua Oibre]

– Suirbhé Eurostat *Persons reporting a work-related health problem - Persons reporting a work-related health problem by sex, age and type of problem* [Daoine a thuairiscíonn fadhb sláinte a bhaineann le hobair - Daoine a thuairiscíonn fadhb shláinte a bhaineann le hobair de réir inscne, aois agus chineál na faidhbe] An nuashonrú is déanaí: 21/03/2019